



An Bhruiséil, 6.5.2021  
C(2021) 3114 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 6.5.2021**

**lena gcuirtear síneadh leis an idirthréimhse dá dtagraítear sa chéad fhomhír  
d’Airteagal 89(1) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón  
gComhairle**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

## **MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN**

### **1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE**

Le Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 maidir le díorthaigh thar an gcuntar, le contrapháirithe lárnacha agus le stórtha trádála (EMIR), foráiltear maidir le díolúine shealadach ón oibleagáid imréitigh le haghaidh Shocruithe do Scéimeanna Pinsean (PSAanna) lena gcomhlíontar critéir áirithe. Leagtar amach an idirthréimhse sin faoi Airteagal 89(1) de EMIR agus foráiltear léi maidir le tuilleadh ama le haghaidh contrapháirithe lárnacha (CPLanna), socruithe do scéimeanna pinsean agus comhaltaí imréitigh chun réitigh theicniúla inmharthana a fhorbairt lenarbh fhéidir le PSAanna glaonna ar éarlaisí athrúcháin airgid ó na CPLanna a chomhlíonadh.

Tá síneadh curtha leis an eisceacht shealadach i gcaitheamh na mblianta, ós rud é nár tháinig réiteach teicniúil inmharthana chun cinn. Leis an athbhreithniú a rinneadh le déanaí ar EMIR (Rialachán (AE) Uimh. 834/2019, ‘Tagairt EMIR’) cuireadh síneadh leis an eisceacht go dtí an 18 Meitheamh 2021. I gcomhréir le hAirteagal 85(2), is féidir síneadh dhá bhliain ar a mhéad a chur leis trí bhíthin dhá Ghníomh Tharmligthe de chuid an Choimisiúin, agus is é príomhaidhm an Rialacháin i gcónaí imréiteach lárnach do scéimeanna pinsean.

Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún bliain bhreise a chur leis an eisceacht atá ann cheana, trí bhíthin an Ghnímh Tharmligthe seo.

### **2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH**

Le ‘Refit EMIR’ foráiltear maidir le creat cuimsitheach chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta maidir le réitigh inmharthana a aimsiú. De réir Airteagal 85(2), ní mór don Choimisiún tuarascálacha bliantúla a ullmhú, tuarascála ina measúnófar an ndearnadh réitigh theicniúla inmharthana a fhorbairt chun socruithe do scéimeanna pinsean comhthaobhacht airgid agus neamhairgid a aistriú mar éarlaisí athrúcháin agus ina measúnófar an bhfuil gá le haon bheartas chun na réitigh theicniúla sin a éascú. Maidir le ESMA, i gcomhar le UEÁPC, ÚBE agus BERS, ní mór dóibh tuarascálacha bliantúla a chur faoi bhráid an Choimisiúin maidir leis an ábhar sin, chun cur le measúnú an Choimisiúin. Ina theannta sin, ní mór don Choimisiún grúpa saineolaithe a chur ar bun ina mbeidh ionadaithe ó CPLanna, ó chomhaltaí imréitigh, ó shocruithe do scéimeanna pinsean agus ó pháirtithe ábhartha eile chun faireachán a dhéanamh ar a n-iarrachtaí agus chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta maidir le réitigh theicniúla inmharthana a fhorbairt lena n-éascófar imréiteach conarthaí díorthach thar an gcuntar ag socruithe do scéimeanna pinsean.

Fuair an Coimisiún na tuarascálacha ó ÚEUM i mí Aibreáin agus i mí na Nollag 2020; Thionóil ÚEUM comhairliúchán poiblí freisin idir an 2 Aibreán agus an 15 Meitheamh 2020 chun raon leathan tuairimí agus sonraí a bhailiú, agus cuireadh an comhairliúchán sin san áireamh i dtuarascáil ÚEUM i mí na Nollag.

D’eagraigh an Coimisiún cruinnithe leis an ngrúpa saineolaithe i mí Dheireadh Fómhair 2019 agus i mí Aibreáin agus i mí na Samhna 2020 agus d’fhoilsigh sé a chéad tuarascáil do na comhreachtóirí i mí Mheán Fómhair 2020 (COM(2020) 574 final an 23.9.2020). Sa tuarascáil, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go ndearna na geallsealbhóirí ábhartha dul chun cinn le blianta anuas maidir le teacht ar réitigh: go háirithe, d’fhorbair CPLanna áirithe cineálacha ‘rochtain éascaithe’ ar na margaí athcheannaigh imréitithe, nó tá siad á forbairt i láthair na huaire, rochtain lena bhféadfadh socruithe do scéimeanna pinsean comhthaobhacht a mhalartú

le hairgead tirim<sup>1</sup>; tá socruithe do scéimeanna pinsean áirithe ag imréiteach cuid dá ndíorthaigh dá ndeoin féin cheana, mar chliaint na gcomhaltaí imréitigh. Sa tuarascáil sin freisin cuireadh in iúl gurb í an tsaincheist maidir le socruithe do scéimeanna pinsean atá fós gan réiteach an gá atá le héarlais athrúcháin airgid a bhreacadh i ndálaí anáis sa mhargadh, nuair is féidir le hiarrataí ar éarlais airgid ó chontrapháirithe lárnacha dul i méad agus go bhféadfadh sé nach n-áiritheofaí i gcónaí cumas na socruithe do scéimeanna pinsean dul i muinín an mhargaidh athcheannaigh.

Ar an mórgóir, leis an gcomhairliúchán poiblí a thionóil ÚEUM deimhníodh, na torthaí atá luaite thuas. Ina theannta sin, cuireadh líon áirithe tograí chun cinn sa chomhairliúchán poiblí sin chun aghaidh a thabhairt ar na saincheistean atá fós gan réiteach: ar thaobh amháin, an gá atá leis na samhlacha rochtana arna gcur ar bun ag CPLanna áirithe a bheachtú tuilleadh ó thaobh oibríochta de; ar an taobh eile, d'fhéadfaí machnamh a dhéanamh ar roinnt athruithe rialála spriocdhírthe a d'fhéadfadh rannchuidiú le himréiteach lárnach maidir le socruithe do scéimeanna pinsean. I bhfianaise an mhéid sin, i dtuarascáil ÚEUM i mí na Nollag, molann ÚEUM i gcomhar le ÚEÁPC, ÚBE agus BERS, gur cheart síneadh bliana amháin a chur leis an eisceacht shealadach, go dtí mí an Mheithimh 2022, ionas go mbeidh am leordhóthanach ann chun roinnt feabhsuithe breise a dhéanamh.

Chuaigh seirbhísí an Choimisiúin i gcomhairle le Sainghrúpa an Choiste Eorpaigh um Urrúis maidir leis an togra le haghaidh Gnímh Tharmligthe chun síneadh bliana amháin a chur leis an díolúine na socruithe do scéimeanna pinsean ó imréiteach lárnach. Tháinig comhréiteach leathan maidir leis an togra as an bpróiseas comhairliúcháin sin. Leag roinnt Ballstát béim ar an ngá atá le hoibriú i gcomhar leis an tionscal agus leis na ÚMEanna chun síntí breise a sheachaint.

Foilsíodh an dréacht-Ghníomh Tarmligthe maidir leis an tairseach um Rialáil Níos Fearr ar feadh tréimhse ceithre seachtaine a bhfuarthas aiseolas ón bpobal lena linn. Fuarthas ceithre fhreagra, agus i ngach ceann díobh léiríodh tacaíocht le síneadh bliana amháin a chur leis an díolúine agus nochtadh tuairimí níos ginearálta maidir le himréiteach lárnach na socruithe do scéimeanna pinsean. Ní dhearnadh aon athrú ar an Rialachán Tarmligthe tar éis an chomhairliúcháin seo.

### **3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE**

Foráiltear maidir leis an gceart chun Gníomh Tarmligthe a ghlacadh faoi Airteagal 85(2) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirithe lárnacha agus stórtha trádála (EMIR).

---

<sup>1</sup> Is éard atá i gcomhaontú athcheannaigh ('repo') comhaontú chun urrúis a dhíol ar phraghas ar leith mar aon le comhaontú chun na hurrúis sin a athcheannach ar phraghas arna chomhaontú dáta is faide anonn. Tugann an margadh athcheannaigh gnólachtaí le chéile a sholáthraíonn comhthaobhacht mar mhalairt ar airgead tirim agus gnólachtaí a sholáthraíonn airgead tirim mar mhalairt ar chomhthaobhacht.

# RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN

an 6.5.2021

## **lena gcuirtear síneadh leis an idirthréimhse dá dtagraítear sa chéad fhomhír d’Airteagal 89(1) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála<sup>2</sup>, agus go háirithe Airteagal 85(2), an tríú fomhír de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Foráiltear le hAirteagal 89(1) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, maidir le hidirthréimhse go dtí an 18 Meitheamh 2021 nach mbeidh feidhm ag an oibleagáid imréitigh a leagtar amach in Airteagal 4 den Rialachán sin maidir le conarthaí díorthach thar an gcuntar ar féidir iad a thomhas go hoibiachtúil mar idirbhearta a laghdóidh rioscaí infheistíochta a bhaineann go díreach le sócmhainneacht airgeadais na socrúithe do scéimeanna pinsean, agus le heintitis a bunaíodh d’fhonn cúiteamh a chur ar fáil do chomhaltaí de na socrúithe do scéimeanna pinsean i gcás mainneachtain socrúithe do scéimeanna pinsean. Maidir le conarthaí díorthacha a imréitítear go lárnach, tugadh an idirthréimhse sin isteach chun a n-éifeacht dhíobhálach ar shochair scoir na bpinsinéirí a bheidh ann amach anseo a sheachaint, agus chun am a chur ar fáil chun réitigh theicniúla inmharthana a fhorbairt chun comhthaobhacht airgid agus neamhairgid a aistriú mar éarlaisí athrúcháin ag socrúithe scéime pinsin.
- (2) Le hAirteagal 85(2), an tríú fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, tugtar de chumhacht don Choimisiún síneadh aon bhliana a chur leis an idirthréimhse sin faoi dhó, i gcás ina gcinneann an Coimisiún nár forbraíodh réiteach teicniúla inmharthana den sórt sin go fóill agus nár tháinig aon athrú ar éifeacht dhíobhálach na gconarthaí díorthacha a imréitítear go lárnach ar shochair scoir na bpinsinéirí a bheidh ann amach anseo. Leis an gcéad fhomhír d’Airteagal 85(2) den Rialachán sin, ceanglaítear ar an gCoimisiún tuarascálacha bliantúla a ullmhú go dtí go gcuirfeadh síneadh deiridh leis an idirthréimhse, ina measúnófar ar forbraíodh réitigh theicniúla inmharthana den sórt sin agus an gá aon bheart a ghlacadh chun na réitigh theicniúla inmharthana sin a éascú.
- (3) Ghlac an Coimisiún a chéad tuarascáil<sup>3</sup> ar an 23 Meán Fómhair 2020. Sa tuarascáil sin cuireadh in iúl go ndearna rannpháirtithe sa mhargadh iarrachtaí le blianta anuas

<sup>2</sup> IO L 201, 27.7.2012, lch. 1.

<sup>3</sup> Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle faoi Airteagal 85(2) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le díorthaigh thar an gcuntar, le contrapháirtithe lárnacha agus le stórtha trádála, arna leasú le Rialachán (AE) Uimh. 834/2019, lena measúnaítear ar forbraíodh réitigh theicniúla inmharthana chun comhthaobhacht airgid agus neamhairgid a aistriú mar éarlaisí athrúcháin trí shocrúithe do scéimeanna

réitigh theicniúla inmharthana den sórt sin a fhorbairt agus gur thosaigh roinnt socruithe do scéimeanna pinsean ar chuid dá ndíorthaigh a imréitítear go lárnach ar bhonn deonach. Thángthas ar an gconclúid sa tuarascáil gurb é an príomhdhúshlán maidir le socruithe do scéimeanna pinsean, arb ann dó fós, an gá atá le éarlais athrúcháin a bhreacadh in airgead tirim i gcás anáis sa mhargadh, cás ina bhféadfadh contrapháirtithe lárnacha ceangal a chur orthu maidir le méideanna suntasacha den éarlais athrúcháin a bhreacadh.

- (4) Leis an dara fomhír d'Airteagal 85(2) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ÚEUM), i gcomhar leis an Údarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde, leis an Údarás Baincéireachta Eorpach agus leis an mBord Eorpach um Riosca Sistéamach, ceanglaítear orthu freisin tuarascálacha bliantúla a chur faoi bhráid an Choimisiúin, tuarascálacha ina measúnófar, *inter alia*, an ndearna contrapháirtithe lárnacha, comhaltaí imréitigh agus socruithe do scéimeanna pinsean iarracht iomchuí agus ina measúnófar ar forbraíodh réitigh theicniúla inmharthana lena n-éascófar rannpháirtíocht na socruithe sin in imréiteach lárnach trí bhíthin comhthaobhacht airgid agus neamhairgid a bhreacadh mar éarlaisí athrúcháin, lena n-áirítear impleachtaí na réiteach sin ar leachtacht an mhargaidh agus ar an gcomhthimthriallacht agus ar na himpleachtaí dlíthiúla nó na himpleachtaí eile a d'fhéadfadh a bheith ann. Tháinig ÚEUM ar an gconclúid an 17 Nollaig 2020 maidir leis na páirtithe leasmhara lena mbaineann, go ndearna siad iniúchadh i gcaitheamh na mblianta ar réitigh áirithe chun maolú a dhéanamh ar na dúshlán atá os comhair na socruithe do scéimeanna pinsean, réitigh lena bhféadfaí tacú le socruithe do scéimeanna pinsean, bíodh gnáthchúinsí nó tréimhse struis ann. Tháinig ÚEUM ar an gconclúid freisin, áfach, gur gá na réitigh sin a fhorbairt tuilleadh, nó go bhféadfadh sé go mbeadh gá roinnt athruithe rialála a bheith ag gabháil leo i gcásanna áirithe. Chuir ÚEUM in iúl, dá bhrí sin, go bhfuil gá le síneadh bliana amháin a chur leis an idirthréimhse.
- (5) Tá an Coimisiún den tuairim, agus tuarascáil ÚEUM á cur san áireamh aige, gur gá, go deimhin, síneadh bliana a chur leis an idirthréimhse chun na réitigh atá beartaithe a aibiú agus a bheachtú tuilleadh.
- (6) Ba cheart, dá bhrí sin, síneadh a chur leis an idirthréimhse dá dtagraítear in Airteagal 89(1) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012.
- (7) Ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm mar ábhar práinne ionas go gcuirfeadh síneadh leis an idirthréimhse atá ann sula rachaidh sí in éag nó a luaithe is féidir tar éis dul in éag di. Dá dtiocfadh sé i bhfeidhm ina dhiaidh sin, bheadh éiginnteacht dhlíthiúil ann maidir le socruithe do scéimeanna pinsean maidir le cé acu is gá nó nach gá tús a chur leis an ullmhúchán le haghaidh oibleagáidí imréitigh a bheidh ann amach anseo,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

#### *Airteagal 1*

Cuirtear síneadh leis an idirthréimhse a leagtar síos in Airteagal 89(1), an chéad fhomhír de, de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 go dtí an 18 Meitheamh 2022.

---

pinsean agus an gá atá le haon bheart chun na réitigh theicniúla inmharthana sin a éascú (COM(2020) 574 final an 23 Meán Fómhair 2020).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 6.5.2021

*Thar ceann an Choimisiúin*

*An tUachtarán*

*Ursula VON DER LEYEN*